

Béim ar an taighde

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi scéim nua a d'fhógair an rialtas inniu.

A. Sula bhféachann tú ar an tuairisc an féidir leat féin agus an duine in aice leat na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. investment:	a. do thodhchaí na tíre
2. industrial partners:	b. ciste
3. fund:	c. páirtnéirí tionsclaíocha
4. based / settled:	d. éileamh
5. provide / support jobs:	e. infheistíocht
6. important realms of research:	f. réimsí tábhachtacha taighde
7. for the future of the country:	g. meon nua
8. resource:	h. taighde feidhmeach
9. specific funding:	i. lonnaithe
10. new mentality:	j. poist a chothú
11. applied research:	k. acmhainn
12. demand:	l. maoiniú faoi leith

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12

B. Féachaigí ar an mhír anois le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Féach ar an mhír arís agus abair an bhfuil na habairtí seo **fíor** nó **bréagach**:

1. Tá infheistíocht trí chéad milliún euro le cur isteach in institiúidí tríú leibhéal.
2. Tá an rialtas chun caoga faoin gcéad den airgead a infheistiú.
3. Cruthófar seacht n-ionad taighde ar fud na tíre.
4. Beidh na hinstitiúidí tríú leibhéal ag comhoibriú leis an earnáil tionsclaíochta.
5. Cruthófar poist nua de bharr na hinfeistíochta seo.
6. Ní chuideoidh an infheistíocht sa taighde le comhlachtaí beaga.
7. Léiríonn an fógra meon nua an rialtais mar go bhfuil sé ag infheistiú sa bhuntaighde.
8. Cuideoidh an taighde feidhmeach le poist a chruthú agus a choinneáil in Éirinn.

Ceist 3 ‘...páirtnéirí tionsclaíocha...’

(a) Cad is brí leis na focail seo:

- tionscal

- tionscadal
- tionsclaíoch
- tionscnamh
- tionsclaí / tionsclóir

(b) Cuir in abairtí na focail thuas anois lena mbrí a léiriú.

Ceist 4. ‘...léiríonn...’

(a) Tá a lán samplaí den aimsir láithreach sa mhír. An cuimhin leat an tslí chun ceisteanna a chumadh san aimsir láithreach? Féach ar na samplaí seo agus déan féin agus an duine in aice leat liosta de na pointí is tábhachtaí chun ceisteanna a chumadh san aimsir láithreach.

*An ndéanann tú...?
An ólann tú...?
An léiríonn tú...?*

(b) Féachaigí ar na briathra mírialta anois agus cuirigí ceisteanna ar a chéile ag úsáid na mbriathra thíos, mar shampla:

*An ndeir tú nach mbeidh tú ar scoil amárach?
Deirim / ní deirim*

<u>Abair</u> an ndeir tú? deir / ní deir	<u>Beir</u> an mbeireann sé? beireann/ ní bheireann	<u>Clois</u> an gcloisimid? cloisimid/ ní chloisimid	<u>Déan</u> an ndéanann siad? déanann / ní dhéanann
<u>Faigh</u> an bhfaigheann tú? faigheann/ ní fhaigheann	<u>Feic</u> an bhfeiceann sí? feiceann/ ní fheiceann	<u>Ith</u> an itheann tú? ithim/ ní ithim	<u>Tar</u> an dtagann sibh? tagann/ ní thagann
<u>Tabhair</u> an dtugann tú? tugaim/ ní thugaim	<u>Téigh</u> an dtéann siad? téann/ ní théann	<u>Bí</u> an mbíonn tú? bím/ ní bhím	<u>Tá</u> an bhfuil sé? tá/ níl

Ceist 5 ‘...faoin **bh**fógra...’

- Cén fáth a bhfuil urú ar an fhocal **fógra**?
- An féidir leat cúpla sampla eile a thabhairt?
- Cuir **faoin** roimh na focail seo a leanas:

scéal, bád, uisce, áit, comhrá, teach

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

- Cén fáth a bhfuil taighde san eolaíocht tábhachtach, dar leat?
- An post suimiúil é post an taighdeora, dar leat? Cén fáth?
- Ar cheart don rialtas airgead a chur isteach i dtaighde a chuidíonn le comhlachtaí brabús a dhéanamh?

Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12
e	c	b	i	j	f	a	k	l	g	h	d

Ceist 2

1. Tá infheistíocht trí chéad milliún euro le cur isteach in institiúidí tríú leibhéal. **Bréagach**
2. Tá an rialtas chun caoga faoin gcéad den airgead a infheistiú. **Bréagach**
3. Cruthófar seacht n-ionad taighde ar fud na tíre. **Fíor**
4. Beidh na hinstiúidí tríú leibhéal ag comhoibriú leis an earnáil tionsclaíochta. **Fíor**
5. Cruthófar poist nua de bharr na hinfheistíochta seo. **Fíor**
6. Ní chuideoidh an infheistíocht sa taighde le comhlachtaí beaga. **Bréagach**
7. Léiríonn an fógra meon nua an rialtais mar go bhfuil sé ag infheistiú sa bhuntaighde. **Bréagach**
8. Cuideoidh an taighde feidhmeach le poist a chruthú agus a choinneáil in Éirinn. **Fíor**

Ceist 3

Tionscal: *Industry*

Tionscadal: *Project*

Tionsclaíoch: *Industrial*

Tionscnamh: *Initiative*

Tionsclaí / tionsclóir: *Industrialist*

Ceist 4

(a)

- ✓ Tosaíonn an cheist le 'An'.
- ✓ Cuirtear urú ar an mbriathar tar éis 'an': 'An ndéanann'.
- ✓ Tagann an forainm díreach tar éis an bhriathair 'An ndéanann tú?'

(b) Iarr orthu na ceisteanna a chur a chéile.

Ceist 5

(a) An tuiseal tabharthach.

(b) Faigh samplaí éagsúla ó na daltaí sa rang.

(c) faoin scéal, faoin mbád, faoin uisce, faoin áit, faon gcomhrá, faoin teach

Ceist 6

Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eibhlín Ní Choistealbha

Deir institiúidí tríú leibhéal go léiríonn an infheistíocht trí chéad milliún euro a d'fhógair an rialtas inniu go bhfuil béim á curⁱ anois ar an saghas taighde is fearr chun postannaⁱⁱ a chruthú. Tá an rialtas le dhá thrian den airgead a chur ar fáil agus ó pháirtnéirí tionsclaíocha a thiocfaidh an chuid eile.

Grett O'Connor

Úsáidfean an ciste nua chun seacht n-ionad taighde a chruthú ar fud na tíre. Iad ar fad lonnaithe in institiúidí tríú leibhéal, ach iad ag comhoibriú le páirtnéirí tionsclaíocha. Beidh ceithre cinn acu lonnaithe i gCorcaigh

Rónán Ó Dubhghaill

Tá an taighde seo dírithe ar chúpla ábhar atá luaite go soiléir san *Action Plan for Jobs* 2013 agus tá sé dírithe ar phostanna a chothú agus luaitear agus níl aon amhras ná go mbeidh ana-sheansⁱⁱⁱ go mbeidh postanna breise ag teacht leis an infheistiú ollmhór seo sa tír.

An Dr. Barra Ó Conchúir

Tá sé ag cur leis na réimsí tábhachtacha taighde, réimse atá tábhachtach do thodhchaí na tíre seo. Bhuel, deirimid cúrsaí fuinnimh, cúrsaí bidh, cúrsaí bia agus sláinte agus gan amhras cúrsaí leictreonacha chomh maith. Cuirfidh an maoiniú breise seo, an acmhainn bhreise^{iv} seo, cuirfidh sé ar chumas na gcomhlachtaí^v beaga sa tír seo fanacht istigh sa rása agus tabharfaidh sé tacaíocht do na comhlachtaí idirnáisiúnta fanacht anseo mar go bhfuil maoiniú ar leith déanta sna réimsí áirithe sin.

Grett O'Connor

An rud is spéisiúla faoin bhfógra atá déanta inniu ná go léiríonn sé meon nua ó thaobh an rialtais de. In ionad a bheith ag cur airgid ar fáil do bhuntaighde tá béim níos mó ná riamh cheana ar an dtaighde^{vi} feidhmeach, is é sin obair atá dírithe ar thionscnaimh faoi leith ar a bhfuil éileamh i measc tionsclóirí. Is sa réimse sin, dar leis na taighdeoirí féin, atá na deiseanna is fearr chun postanna a choimeád anseo in Éirinn agus chun cinn nua a chruthú. Grett O'Connor, Nuacht TG4, Corcaigh.

ⁱ á chur a deirtear

ⁱⁱ poist atá sa chaighdeán oifigiúil

ⁱⁱⁱ an-seans atá sa chaighdeán oifigiúil

^{iv} breise a deirtear

^v comhlachtaí a deirtear

^{vi} ar an taighde atá sa chaighdeán oifigiúil